C/2025/1177

19.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11837 – KPS / INEOS COMPOSITES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1177)

1. An 12 Feabhra 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— KPS Capital Partners, LP (Stáit Aontaithe Mheiriceá) ('KPS'),

— INEOS Composites Holdings Company (UK) Limited (an Ríocht Aontaithe), INEOS Enterprises US Holdco LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), INEOS Composites International Holdings LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá), INEOS Composites Finland Oy (an Fhionlainn), (le chéile, 'INEOS Composites') ar leis an ngrúpa INEOS Enterprises Holdings Limited iad.

Gheobhaidh KPS rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar INEOS Composites ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh domhanda é KPS a chuireann caipiteal agus tacaíocht straitéiseach ar fáil do chuideachtaí fáis atá dírithe go háirithe ar an earnáil mhonaraíochta,

— Tá INEOS Composites ina mhonaróir domhanda roisíní poileistir neamhsháithithe, glóthacha agus roisíní eistir vinile a úsáidtear i dtáirgeadh comhábhar plaisteach le haghaidh raon leathan úsáidí éagsúla i margaí deiridh éagsúla. Díolann INEOS Composites raon leathan roisíní lenar féidir le custaiméirí tréithe áirithe dá gcuid táirgí a bharrfheabhsú, tréithe lena n-áirítear friotaíocht in aghaidh creimeadh, dómhoillitheacht, friotaíocht ina aghaidh solas ultraivialait, friotaíocht ina aghaidh uisce agus ceimicí, insliú teirmeach agus leictreach, friotaíocht in aghaidh imbhualadh agus scríobadh, agus cóimheasa arda neart go meáchan.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é conclúid an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11837 – KPS / INEOS COMPOSITES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË